V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

COISTE NA RÉIGIÚN

FÓGRA FOLÚNTAIS UIMH. COR/AD 14/30 BIS/22

Stiúrthóir (FB) [1]

(2022/C 335 A/01)

Stiúrthóireacht:	An Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht Faisnéise
Folúntas:	AD 14
Cineál poist:	STIÚRTHÓIR
	Arna fhoilsiú faoi Airteagal 29§ 2 de na Rialacháin Foirne [2]
	Arna fhoilsiú go comhuaineach faoi Airteagal 29§ 1 de na Rialacháin Foirne
Dáta foilsithe:	2 Meán Fómhair 2022
Sprioc:	**14 Deireadh Fómhair 2022 meán lae (am na Bruiséile)**

1. **An timpeallacht oibre**

Oibríonn Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR) agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) líon áirithe seirbhísí go comhpháirteach faoi chomhaontú comhair. Tá Stiúrthóir á lorg againn faoi láthair a bheidh in ann fís agus treoraíocht straitéiseach a chur ar fáil don Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht Faisnéise, stiúrthóireacht nuabhunaithe, laistigh de sheirbhísí comhpháirteacha an dá Choiste chomhairleacha.

Ag obair dó/di faoi údarás díreach Ardrúnaithe na gCoistí réamhráite, agus laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí arna dtarmligean chuige/chuici ag an gcomhaontú comhair riaracháin idir CnaR agus CESE, beidh an Stiúrthóir freagrach as an straitéis dhigiteach fhadtéarmach a bhunú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear timpeallacht stóinsithe TF, bonneagar iontaofa TF, agus ardáin, uirlisí agus réitigh réamhbhreathnaitheacha a sholáthar do na Feisirí agus d'fhoireann an dá Choiste.

Is é atá sa Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise trí aonad ina bhfuil thart ar 40 ball foirne inmheánach agus breis is 60 soláthraí seirbhíse seachtrach.

Tá an Stiúrthóireacht eagraithe thart ar na 3 aonad seo a leanas:

IT.1: Claochlú digiteach

IT.2: Réitigh dhigiteacha

IT.3: Ardáin dhigiteacha

---

[1] Aon tagairt a dhéantar san fhógra seo d'fhireannach glacfar leis gur ag tagairt do bhaineannach atáthar freisin.

[2] Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, arna leagan síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle, (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), téacs comhdhlúite atá ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20220101 (Níl leagan Gaeilge ar fáil)

Is iad seo a leanas príomhchúraimí na Stiúrthóireachta ([3]):

— fís straitéiseach agus straitéis dhigiteach na gCoistí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, faoi údarás na nArdrúnaithe sa timpeallacht iar-COVID 19,

— bonneagar, córais agus seirbhísí TF a bheidh iontaofa, costéifeachtach, oiriúnaithe agus daingean a chur ar fáil d'Fheisirí agus don fhoireann,

— réamh-mheas a dhéanamh maidir le forbairtí amach anseo a bhainfidh leis an teicneolaíocht faisnéise chun bealaí nua oibre agus comhoibrithe a thairiscint don fhoireann, chun na próisis ghnó a chuíchóiriú faoi chuimsiú na straitéise rialachais um TF corparáideach agus an riarachán a nuachóiriú trí idir-inoibritheacht agus comhlántacht na gcóras TF a áirithiú, idir chórais inmheánacha agus chórais idirinstitiúideacha,

— bainistíocht fhónta a ráthú i ndáil leis na hacmhainní daonna agus airgeadais a chuirtear ar fáil don Stiúrthóireacht (faoi shrianta lárú féideartha bhainistiú an tsoláthair agus gnéithe de na hoibríochtaí airgeadais le haghaidh seirbhísí Comhpháirteacha),

— tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí cumarsáide le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le TF,

— comhar idirinstitiúideach a chothú mar aon le sineirgí féideartha maidir le saincheisteanna a bhaineann le TF.

2. **Tuairisc ghairid ar na príomhfhreagrachtaí**

Faoi údarás díreach Ardrúnaithe CnaR agus CESE, déanann an Stiúrthóir bainistíocht ar an Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise i gcomhar le Leas-Stiúrthóir atá fostaithe le CESE ó thaobh riaracháin de.

Chun an leibhéal ilchineálachta is mó is féidir a thabhairt san ardbhainistíocht, i gcás ina mbeadh iarrthóirí éagsúla ar comhfhiúntas, ar iarrthóirí iad a dhéanann iarratas faoin gcatagóir céanna (airteagal 29§ 1a), b) nó 29§ 2 in ord íslitheach tosaíochta), is d"iarrthóirí ar mná iad nó d"iarrthóirí ar dócha a chuirfeadh leis an gcóimheá geografach i measc ardbhainistíocht CnaR a thabharfar tosaíocht.

3. **Dualgais**

Áirítear iad seo a leanas ar phríomhchúraimí an Stiúrthóra um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise:

— rannchuidiú le foireann ardbhainistíochta an dá institiúid faoi cheannasaíocht agus faoi fhreagracht a nArdrúnaithe faoi seach;

— sraitéis dhigiteach na gCoistí a ullmhú agus a chur chun feidhme sa timpeallacht iar-COVID 19;

— na cúraimí a dhéanann an Stiúrthóireacht a phleanáil, a eagrú agus a chomhordú d'fhonn gníomhaíochtaí an dá Choiste a phríomhshruthú, chun go mbeidh soláthar rianúil ann maidir le réitigh agus ardáin TF, agus réitigh réamhbhreathnaitheacha a chur ar fáil a thabharfaidh deis do na Coistí a modhanna oibre agus próisis inmheánacha a nuachóiriú ar bhonn leanúnach;

— na seirbhísí TF is fearr is féidir a chur ar fáil do na feisirí agus don fhoireann trí uirlisí digiteacha nua-aimseartha lena n-éascaítear oibríochtaí laethúla agus lena n-áirítear iad a bheith idir-inoibrithe le córais inmheánacha nó idirinstitiúideacha eile;

— uirlisí ábhartha TF-bhunaithe a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí polaitiúla agus comhairliúcháin an dá Choiste a shainiú i gcomhar leis na Stiúrthóireachtaí atá i gceannas ar chúrsaí cumarsáide;

— caidreamh idirinstiúideach éifeachtach a bhunú agus comhordú a dhéanamh le Stiúrthóireachtaí eile chun a áirithiú go ndéantar an úsáid is fearr is féidir d'acmhainní airgeadais, daonna agus TF;

— a áirithiú gur obair ar ardchaighdeán a dhéantar laistigh den Stiúrthóireacht;

— cumarsáid inmheánach a áirithiú laistigh den Stiúrthóireacht mar aon le cumarsáid le Stiúrthóireachtaí agus ranna eile ardrúnaíochtaí an dá Choiste;

([3]) Chun breis eolais a fháil maidir le Coiste Eorpach na Réigiún agus tosaíochtaí polaitiúla a théarma cúig bliana, ceadaigh an nasc seo a leanas le do thoil: https://cor.europa.eu/en/engage/brochures/Documents/Bringing Europe closer to people – The political priorities of the European Committee of the Regions 2020-2025/4325 Political Priorities Brochure.pdf

— dea-bhainistiú acmhainní airgeadais agus daonna na Stiúrthóireachta a áirithiú tríd an tionchar ionchasach a uasmhéadú i ndlúthchomhar leis an bhfoireann um sholáthar lárnach agus um thionscnamh airgeadais;

— freagrachtaí oifigigh údarúcháin a dhéanamh tríd an bhfo-tharmligean laistigh de na srianta bunaithe;

— comhar rianúil a áirithiú leis an aonad atá i gceannas ar bhainistiú lárnach na nósanna imeachta um sholáthar agus na bainistíochta airgeadais laistigh de na seirbhísí Comhpháirteacha.

4. **Critéir incháilitheachta**

Tá an nós imeachta roghnúcháin oscailte do gach iarrthóir a chomhlíonann, ar an dáta a leagtar síos le haghaidh iarratais a chur isteach, na coinníollacha seo a leanas:

— is náisiúnach é/í de cheann de Bhallstáit AE;

— tá cearta iomlána aige/aici mar shaoránach agus soláthróidh sé/sí na teistiméireachtaí carachtair iomchuí maidir lena oiriúnacht/hoiriúnacht chun na dualgais a chomhlíonadh;

— chomhlíon sé aon oibleagáidí a leagadh air faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata;

— tá sé/sí faoi bhun aois scoir, a shocraítear, i gcás oifigigh agus foireann eile AE, a bheith ag deireadh na míosa a bhaintear aois 66 amach;

— tá ar a chumas/cumas go fisiceach na dualgais a chomhlíonadh — chun a chinntiú gur mar sin atá cuirfidh oifigeach leighis CnaR scrúdú dochtúra ar an iarrthór rathúil sula ndéantar aon cheapachán;

— tá leibhéal ardoideachais aige/aici a chomhfhreagraíonn do chúrsa iomlán léinn ollscoile a chríochnaíonn le céim i gcás cúrsa léinn a mhaireann ceithre bliana nó níos mó, nó tá leibhéal oideachais aige/aici a chomhfhreagraíonn do chúrsa iomlán léinn ollscoile a chríochnaíonn le céim arna leanúint le taithí ghairmiúil ábhartha a mhaireann bliain amháin ar a laghad i gcás cúrsa léinn a mhaireann trí bliana ar a laghad;

— tá taithí ghairmiúil cúig bliana déag ar a laghad aige/aici i réimse atá ábhartha don phost. As na cúig bliana déag réamhluaite, caithfidh gur caitheadh cúig bliana díobh ar a laghad i bpost bainistíochta (post amhail: ceann aonaid nó a choibhéis agus níos airde);

— tá eolas cuimsitheach aige/aici ar cheann de theangacha oifigiúla AE mar phríomhtheanga mar aon le heolas sásúil ar a laghad ar theanga oifigiúil eile de chuid AE; i bhfianaise nádúr na ndualgas a bheidh le comhlionadh, beidh eolas maith (íosleibhéal B2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha ([4])) ar an mBéarla nó ar an bhFraincis ag teastáil; áireofar eolas sásúil ar a laghad ar an teanga eile den phéire sin teangacha ina bhuntáiste.

Beidh cothromaíocht le haimsiú idir a riachtanaí atá sé oifigeach a earcú a mbeidh an mianach is fearr ann/inti maidir le hinniúlacht, feidhmíocht agus iontaofacht agus leasanna na seirbhíse, a cheanglaíonn go mbeidh ar iarrthóir a bheith oibríochtúil ón gcéad lá agus in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh laistigh de na hinstitiúidí i gcúrsa a oibre/hoibre ó lá go lá i gceann de na teangacha is mó úsáid i measc oifigigh agus baill foirne eile an Aontais mar theanga oibre inmheánach. Is iomchuí más ea eolas teangeolaíoch na n-iarrthóirí a thástáil le linn an nóis imeachta earcaíochta chun a fhíorú go bhfuil na tréithe is fearr acu chun dualgais Stiúrthóra a fheidhmiú i dtimpeallacht oibre CnaR agus CESE. Maidir le hiarrthóir a bhfuil ceann de na teangacha thuasluaite aige/aici mar phríomhtheanga, iarrfar air/uirthi le linn an agallaimh é/í féin a chur in iúl go sásúil i dteanga oifigiúil seachas a phríomhtheanga/príomhtheanga.

Ina theannta sin, is buntáiste é a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteangacha oifiigúla eile an Aontais Eorpaigh; ní mór comhlíonadh na gceanglas ó thaobh eolas teangeolaíoch de a lua sa dearbhú de mheon macánta (féach pointe 7.1 agus Iarscríbhinn I) agus déanfar é a mheas le linn an agallaimh (féach pointe 6).

5. **Scagadh incháilitheachta tosaigh agus réamhroghnúchán**

5.1. Is é atá sa scagadh incháilitheachta tosaigh, arna déanamh ag an bpainéal roghnúcháin, anailís ar gach comhad a cuireadh isteach chuig an bhfógra folúntais seo chun comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta a leagtar amach faoi phointe 4 a fhíorú. Beidh cúnamh ón ardrúnaíocht ag an bpainéal roghnúcháin.

([4]) https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-1-cefr-3.3-common-reference-levels-global-scale

5.2. ***Réamhroghnúcháin ar pháipéar***

Is trí mheasúnú comparáideach ar **a dtaithí ghairmiúil**, bunaithe ar an bhfaisnéis a thugtar i gcomhaid na n-iarrthóirí, a dhéanfar an chéim réamhroghnúcháin maidir le hiarrthóirí incháilithe.

Tabharfar tosaíocht d'iarrthóirí a mbeidh na scileanna seo a leanas acu:

5.2.1. *Scileanna ceannaireachta*

— Taithí ar a bheith i gceannas ar fhoirne ilchultúrtha (a raibh 15 chomhalta foirne ar a laghad iontu), lena n-áirítear aiseolas, measúnú foirne agus forbairt foirne;

— Taithí ar mhaoirseacht laethúil ar obair bainisteoirí, lena n-áirítear aiseolas, measúnú agus forbairt foirne;

— Taithí ar bhainistiú athruithe agus nuachóiriú uirlisí agus modhanna oibre TF trí theicneolaíochtaí agus réitigh réamhbhreathnaitheacha.

5.2.2. *Scileanna idirbheartaíochta agus cumarsáide*

— Taithí ar chumarsáid agus caidreamh poiblí, agus ar líonraí agus meithleacha a bheochan;

— Taithí ar thionscadail a chaibidil go rathúil a raibh geallsealbhóirí iomadúla rannpháirteach iontu, idir gheallsealbhóirí inmheánacha agus gheallsealbhóirí seachtracha ar bhain gné idirnáisiúnta leo.

5.2.3. *Eolas agus taithí ábhartha ar na cineálacha dualgas a bheidh i gceist.*

— Taithí phraiticiúil ar eintiteas mór a chur ar bun, a fhís straitéiseach a shainiú agus an fhís sin a aistriú go pleananna gníomhaíochta nithiúla, ar taithí í a fuarthas go hidéalach i gcomhlacht idirnáisiúnta nó in eagraíocht a bhfuil geallsealbhóirí ar leibhéil éagsúla inti;

— Taithí ar an athrú a chur chun feidhme agus ar nuachóiriú modhanna agus uirlisí oibre trí theicneolaíochtaí;

— Eolas ar phróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh agus taithí ar réimse an chomhair idirinstitiúidigh, i réimse teicniúil ábhartha más féidir;

— Eolas ar struchtúr agus feidhmiú CnaR agus CESE, agus ar a gcuid seirbhísí comhpháirteacha go háirithe;

— Taithí ar a bheith ag plé leis na nósanna imeachta riaracháin agus buiséadacha, agus leis an gcreat dlíthiúil, lena rialaítear gníomhaíochtaí na n-instidiúidí agus na gcomhlachtaí Eorpacha;

— Is buntáiste é cúlra críochnúil acadúil sa Teicneolaíocht Faisnéise, sa bhainistíocht nó sa riarachán gnó, mar aon le taithí ar an réimse sin;

— D'áireofaí taithí mar oifigeach údaraithe trí fho-tharmligean maidir le bainistiú leithreasuithe AE ina buntáiste.

5.2.4. Le linn chéim an réamhroghnúcháin ar pháipéar, cuirfear san áireamh freisin spéis an iarrthóra glacadh le dualgais an Stiúrthóra um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise agus an tuiscint atá aige/aici ar na dúshláin a bheidh roimh an Stiúrthóireacht amach anseo, mar a leagtar an méid sin amach ina litir chumhdaigh, agus a smaointe maidir le dul i ngleic leis na dúshláin sin.

5.2.5. Tá CnaR báúil le soghluaisteacht inmheánach faoi cheann tréimhse ama; is inmhianaithe ar an ábhar sin a bheith in ann freagrachtaí ardbhainistiochta eile a chomhlíonadh.

6. **Critéir roghnúcháin**

Is trí bhíthin agallaimh a dhéanfar an roghnúchán, agus cuirfidh an painéal roghnúcháin (féach pointe 7.3.2) roinnt ceisteanna cosúla ar gach iarrthóir lena linn chun meastóireacht chomparáideach a dhéanamh ar na hiarrthóirí a bheidh á gcur san áireamh ag an gcéim sin.

Díreoidh an t-agallamh go sonrach ar an méid seo a leanas i gcás gach iarrthóra ar leith:

— colas an iarrthóra ar thimpeallacht TF institiúidí AE, a modhanna oibre, na dúshláin agus na deiseanna atá rompu;

— cúlra agus cumais an iarrthóra maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht;

— taithí ar an athrú a chur chun feidhme d'fhonn modhanna agus próisis oibre a nuachóiriú trí theicneolaíochtaí;

— scileanna bainistíochta, cumas an iarrthóra straitéisí nua a dhearadh agus a chur chun feidhme, cuspóirí na Stiúrthóireachta um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise amach anseo a mhúnlú, na torthaí ionchasacha a chur i láthair agus a mhíniú agus comhoibriú go gníomhach le Stiúrthóireachtaí eile;

— scileanna chun spreagadh agus scileanna idirphearsanta;

— scileanna cumarsáide, labhairt go poiblí, áitiú ar dhaoine agus caibidlíocht a dhéanamh;

— fonn a bheith tionscnamhach, réamhghníomhach agus cumas léirithe aige/aici cheana féin an t-athrú a spreagadh agus a chur chun feidhme go rathúil;

— cumas ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na Stiúrthóireachta agus na hinstitiúide ar an leibhéal idirinstitiúideach.

Ar chúiseanna feidhmiúla agus ar mhaithe leis an nós imeachta roghnúcháin a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir agus leas na n-iarrthóirí agus na hinstitiúide araon a dhéanamh, is i mBéarla nó i bhFraincis a reáchtálfar an t-agallamh, de réir mar is mian leis an iarrthóir. Maidir leis na hiarrthóirí sin arb é an Béarla nó an Fhraincis a bpríomhtheanga, déanfar eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a thástáil freisin le linn an agallaimh. Ina theannta sin, déanfar meastóireacht ar an gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh le linn an agallaimh (féach pointe 4).

Chun an leibhéal ilchineálachta is mó is féidir a thabhairt san ardbhainistíocht, i gcás ina mbeadh iarrthóirí éagsúla ar comhfhiúntas, ar iarrthóirí iad a dhéanann iarratas faoin gcatagóir céanna (airteagal 29§ 1a), b) nó 29§ 2 in ord íslitheach tosaíochta), is d''iarrthóirí ar mná iad nó d''iarrthóirí ar dócha a chuirfeadh leis an ilchineálacht gheografach i measc ardbhainistíocht CnaR a thabharfar tosaíocht.

7. **Dul chun cinn an nóis imeachta**

7.1. ***Comhaid iarratais a chur isteach***

Ní mór gur trí bhíthin meáin leictreonacha amháin a chuirfear na hiarratais isteach, iad *i bhformáid pdf* ***nach mbeidh níos mó ná*** *10 MB*, chuig an seoladh seo a leanas: Director-IIT@cor.europa.eu.

Maidir le hiarrthóirí a bhfuil míchumas orthu a choisceann orthu a n-iarratas a chur i láthair ar líne, féadfaidh siad a n-iarratas a sheoladh le seachadadh cláraithe agus taifeadta chuig an seoladh seo: *Comité européen des régions, à l'attention du chef de l'unité Recrutement et carrière, rue Belliard/Belliardstraat 101, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË*, agus iad marcáilte "Confidentiel – avis de vacance – à ne pas ouvrir par le service courrier", faoin sprioc a luaitear i bpointe 7.2 ar a dhéanaí, agus an postmharc ina fhianaise ar an dáta. Sa chás sin, ní mór d'iarrthóirí deimhniú arna eisiúint ag comhlacht údaraithe a chur leis an iarratas, ina léirítear aitheantas dá stádas mar dhuine faoi mhíchumas. Iarrtar orthu freisin a chur in iúl, i scríbhinn, aon riachtanas a mheasann siad a bheadh ag teastáil chun a rannpháirtíocht sa nós imeachta earcaíochta a éascú. Is tríd an bpost a dhéanfar aon chumarsáid thairis sin idir CnaR agus na hiarrthóirí sin. Coimeádann CnaR an ceart aige féin soiléirithe a lorg maidir leis na doiciméid tacaíochta a iarrtar thíos.

Ní mór an *tagairt don fhógra folúntais* (**COR/AD 14/30 BIS/22**) *a bheith luaite sa chomhad iarratais, sa cheannteideal*, agus ní mór na nithe seo a leanas a bheith sa chomhad:

— litir chumhdaigh (5 leathanach ar a mhéid) i mBéarla nó Fraincis, í dátaithe agus sínithe, inar cheart a lua *gur spéis leis an iarrthóir glacadh le dualgais an phoist mar Stiúrthóir um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht Faisnéise agus a thuiscint/tuiscint a thabhairt ar na dúshláin a bheidh roimh an Stiúrthóir amach anseo*, amhail a leagtar amach ina litir chumhdaigh í, agus a smaointe faoin tslí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin;

— *curriculum vitae* suas chun dáta (san fhormáid Europass);

— dearbhú de mheon macánta, arna dhátú agus arna shíniú, (féach an fhoirm in Iarscríbhinn I) a dheimhníonn comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a liostaítear i bpointe 4;

— an seicliosta a thaispeántar in Iarscríbhinn II, arna dhátú agus arna shíniú;

— cóip de dhoiciméad ID;

— cóip den teastas a chuir ar a chumas/cumas don iarrthóir cur isteach ar phost sa ghrád (féach pointe 4);

— cóip de na cruthúnais a thacaíonn leis an taithí ghairmiúil chun go bhféadfar taithí an iarrthóra a fhíorú, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 4;

— Iarscríbhinn III, í dátaithe agus sínithe.

Is ar bhonn cibé faisnéis a chuirtear ar fáil sna doiciméid tacaíochta, amháin, a sheiceálfar comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta a leagtar amach i bpointe 4. Ní dhéanfar faisnéis a thugtar sa CV nó sa litir chumhdaigh a chur san áireamh gan cruthúnas a bheith uirthi sna doiciméid tacaíochta.

Maidir leis an taithí ghairmiúil a cheanglaítear faoi phointe 4, ní mór cóipeanna de chruthúnas ar thaithí ghairmiúil a chur ar fáil a thugann cur síos ar na dualgais, an tréimhse ama a caitheadh sna poist sin agus an leibhéal freagrachta a bhí i gceist.

Maidir leis an eolas teangeolaíoch a cheanglaítear, is ar an dearbhú de mheon macánta a bhunófar fíorú chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta; tástálfar leibhéal na scileanna teangeolaíocha le linn an agallaimh roghnúcháin (féach pointe 6 den fhógra folúntais).

Bunófar réamhroghnúchán na n-iarrthóirí incháilithe ar chritéir a leagtar amach i bpointe 5.2. Iarrtar ar na hiarrthóirí ina CV agus ina litir chumhdaigh aird a tharraingt ar gach gné ábhartha dá dtaithí ghairmiúil chun go mbeidh ar chumas an phainéil roghnúcháin meastóireacht a dhéanamh ar a oiread is a fhreagraíonn sí do riachtanais an fhógra folúntais seo.

Agus an comhad iarratais á ullmhú, níl sé riachtanach deimhniú gur cóipeanna dílse den bhundoiciméad iad a chur leis na cóipeanna.

Maidir le comhaid iarratais neamhiomlána agus comhaid iarratais a chuirtear isteach i ndiaidh éag na sprice chun comhaid iarratais a chur isteach nó comhaid iarratais nach n-urramaíonn na forálacha lena rialaítear comhaid iarratais a chur isteach, ní chuirfear san áireamh iad. Cuirfear an t-iarratas ar neamhní go huathoibríoch le haon dearbhú bréige.

Cuirtear in iúl d'iarrthóirí nach gceadaítear dóibh dul i dteagmháil go pearsanta le comhaltaí den phainéal roghnúcháin ná a iarraidh ar chomhaltaí agus/nó chomhaltaí malartacha CnaR é sin a dhéanamh agus dá ndéanfaidís é go mba fhoras é chun iad a dhícháiliú ón bpróiseas.

7.2. ***An sprioc chun comhaid iarratais a chur isteach: 14 Deireadh Fómhair 2022 meán lae (am na Bruiséile)***

Gheobhaidh na hiarrthóirí admháil ríomhphoist go bhfuarthas a gcomhad iarratais. I gcás comhad iarratais a thagann sa phost cláraithe i gcomhréir le pointe 7.1 seolfar admháil sa phost.

7.3. ***Grinnscrúdú a dhéanamh ar na comhaid iarratais: scagadh incháilitheachta tosaigh, réamhroghnúchán agus roghnúchán***

7.3.1. Bunaithe ar réamhanailís arna déanamh ag an ardrúnaíocht, déanfaidh painéal roghnúcháin measúnú ar incháilitheacht na n-iarrthóirí a chuir a n-iarratais isteach faoin sprioc-am, ar bhonn na ndoiciméad tacaíochta a iarradh faoi phointe 7.1.

7.3.2. Beidh na daoine seo a leanas ar an bpainéal roghnúcháin: Uachtarán CnaR, céad leas-uachtarán CnaR agus cathaoirligh na sé ghrúpa pholaitiúla (nó a n-ionadaithe) i gCoiste na Réigiún. Beidh Ardrúnaí CnaR rannpháirteach i gcéimeanna uile an phróisis roghnúcháin chun tacaíocht riaracháin agus dlí a sholáthar don phainéal roghnúcháin. Le linn an scagtha incháilitheachta tosaigh agus an réamhroghnúcháin, beidh Ardrúnaí CESE nó a ionadaí rannpháirteach freisin in imeachtaí an phainéil.

7.3.3. Fíoróidh an painéal roghnúcháin ar an gcéad dul síos gur comhlíonadh na coinníollacha incháilitheachta ar bhonn na nithe seo a leanas: an dearbhú de mheon macánta, an litir chumhdaigh, an CV agus cóipeanna de na doiciméid a liostaítear i bpointe 7.1 den fhógra folúntais seo. Tugtar liosta i bpointe 4 de na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáiltear ag an gcéim sin den nós imeachta.

Maidir le hiarrthóirí a meastar a n-iarratais a bheith neamh-incháilithe, cuirfear an méid sin in iúl dóibh.

7.3.4. Cuirfidh an painéal roghnúcháin, le cúnamh ón Ardrúnaí, próiseas réamhroghnúcháin i bhfeidhm ar na hiarratais a ceadaíodh ag deireadh na céime a bhfuil cur síos uirthi sa phointe thuas. Is ar bhonn an chomhaid iarratais a dhéanfar é. Cuirfear ar ghearrliosta, nach mbeidh níos mó ná **seacht n-ainm** air, ainmneacha na n-iarrthóirí is fearr a shásaíonn na critéir a leagtar amach i bpointe 5.2 den fhógra folúntais seo.

I bhfianaise an réamhroghnúcháin sin a bhunófar ar na comhaid, **iarrtar ar na hiarrthóirí aird a tharraingt ina litir chumhdaigh ar na gnéithe sin dá CV a chomhfhreagraíonn do na dualgais atá i gceist, an spreagadh atá iontu agus a dtuairimí maidir leis na dúshláin a bheidh roimh an Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht Faisnéise amach anseo.**

7.3.5. Tabharfar cuireadh ansin chuig measúnú in "ionad measúnaithe" do na hiarrthóirí a gearrliostaíodh, agus cuirfear an clár agus an mhodheolaíocht in iúl dóibh in am agus i dtráth. Sa mheasúnú sin déanfar scileanna bainistíochta na n-iarrthóirí a mheas (bainistiú faisnéise, cúraimí, daoine, caidreamh idirphearsanta agus an cumas cuspóirí a bhaint amach). Is tuairim neamhcheangailteach a bheidh ann a chuirfear ar fáil don phainéal roghnúcháin i bhfianaise an agallaimh roghnúcháin.

7.3.6. I ndiaidh an mheasúnaithe san ionad measúnaithe, tabharfar cuireadh chuig agallamh leis an bpainéal roghnúcháin do na hiarrthóirí gearrliostaithe céanna, i gcomhréir le forálacha phointe 6. Tabharfaidh an tArdrúnaí cúnamh don phainéal roghnúcháin le linn an phróisis sin agus déanfaidh sé na torthaí ón ionad measúnaithe a chur i láthair.

I ndiaidh an agallaimh, déanfaidh an painéal roghnúcháin cinneadh maidir leis an iarrthóir a mheastar gurb é/í is feiliúnaí chun glacadh le dualgais an Stiúrthóra um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht Faisnéise. Déanfaidh an tArdrúnaí an t-iarrthóir sin a mholadh don Bhiúró, agus féadfaidh an Biúró cuireadh chuig éisteacht a thabhairt don iarrthóir molta.

Maidir leis na hiarrthóirí nach moltar lena gceapadh, cuirfear an méid sin in iúl dóibh i ndeireadh an nóis imeachta.

I gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta CnaR, braitheann ceapachán oifigeach ar bith de ghrád níos airde ná AD 12 ar vóta dearfach ón mBiúró. I gcás vóta dearfach, treoróidh an Biúró d'Uachtarán CnaR an cinneadh lena gcumhdaítear ceapachán an iarrthóra roghnaithe a shíniú. Sa chás nach vóta dearfach a thagann ón mBiúró, scoirtear an nós imeachta gan aon iarrthóir a cheapadh.

Faoi chuimsiú an fhógra folúntais seo, iniúchfaidh an tÚdarás Ceapacháin na féidearthachtaí chun an folúntas a líonadh i gcomhréir leis an ord a leagtar amach in Airteagal 29 de na Rialacháin Foirne: scrúdú na n-iarratas a tíolacadh faoi Airteagal 29(1)(a) (post le líonadh trí aistriú, trí cheapachán nó trí ardú céime), ansin Airteagal 29(1)(b) (aistriú idir institiúidí), agus ar deireadh, Airteagal 29(2). Is é an t-ord sin a leanfar ag gach céim a leagtar amach thuas.

8. **Téarmaí na hearcaíochta**

I gcás iarratas a cuireadh isteach faoin bhfógra folúntais seo, déanfar an t-iarrthóir roghnaithe a cheapadh ina Stiúrthóir ar an Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht Faisnéise (grád AD14).

Sula n-earcaítear é/í, ní mór don iarrthóir roghnaithe sliocht as an taifead coiriúil a sholáthar mar léiriú ar chomhlíonadh na gceanglas reachtúil uile ó thaobh teistiméireachtaí carachtair.

9. **Breathnuithe**

Déanfar an ceapachán ar choinníoll go mbeidh cistí leordhóthanacha ar fáil.

Is i gcomhréir leis an reachtaíocht Eorpach um chosaint sonraí a láimhseálfar na sonraí pearsanta in iarratais.

Mar fhostóir, cuireann CnaR beartas comhionannas deiseanna i bhfeidhm faoina gcuirtear cosc ar idirdhealú d'aon chineál, agus tá sé tiomanta do chosaint an chomhshaoil freisin.

Tráthchlár sealadach:

Sprioc le haghaidh iarratas:	14 Deireadh Fómhair 2022
Seiceáil incháilitheachta + gearrliostú:	deireadh Dheireadh Fómhair 2022
	Ionad measúnaithe 12 go dtí an 16 Nollaig 2022
Agallaimh:	deireadh Eanáir 2023
Dáta earcaíochta ionchasach:	Bealtaine 2023

10. **Gearáin**

Gan beann ar a gceart gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de na Rialachán Foirne nó achomharc a chur isteach chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 91, féadfaidh iarrthóirí athbhreithniú inmheánach a lorg i gcás aon chinneadh ón bpainéal roghnúcháin a dhéanann difear go díreach agus láithreach dá stádas sa roghnú ar fhorais neamhchomhlíonadh na rialacha lena rialaítear an nós imeachta roghnúcháin amhail a leagtar síos leis an bhfógra folúntais. Ní mór an iarraidh a dhéanamh le ríomhphost chuig (Director-IIT@cor.europa.eu) laistigh de 5 lá oibre ón dáta a cuireadh an cinneadh in iúl don iarrthóir le ríomhphost. Ní mór an cinneadh agus an foras ar a bhfuil an iarraidh bunaithe a léiriú ann.

Déanfaidh an painéal roghnúcháin cinneadh agus seolfar freagra réasúnaithe chuig an iarrthóir in am trátha.

IARSCRÍBHINN I

FÓGRA FOLÚNTAIS UIMH. COR/AD14/30 BIS/22

DEARBHU DE MHEON MACÁNTA

Airteagal 29(2)

AN tIARRTHÓIR

Sloinne agus céadainm: .....

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid atá tugtha agam i m'iarratas fíor agus iomlán.

Dearbhaím ar m'onóir go sásaím na coinníollacha seo a leanas ar an spriocdháta le haghaidh iarratas:

i. Is náisiúnach mé de cheann de Bhallstáit AE;

ii. Tá cearta iomlána saoránaigh agam;

iii. Chomhlíon mé aon dualgais mhíleata a leagadh orm faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata;

iv. Soláthróidh mé na teistiméireachtaí carachtair iomchuí a cheanglaítear chun na dualgais a chomhlíonadh;

v. Beidh ar mo chumas go fisiceach, chomh fada agus is eol dom, na dualgais a bheartaítear a chomhlíonadh;

vi. Tá mé faoi bhun aois scoir, a shocraítear, maidir le hoifigigh agus foireann eile AE, a bheith ag deireadh na míosa a bhaintear aois 66 amach;

vii. Tá leibhéal ardoideachais agam a chomhfhreagraíonn do chúrsa iomlán léinn ollscoile a chríochnaíonn le céim i gcás cúrsa léinn a mhaireann ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do chúrsa iomlán léinn ollscoile a chríochnaíonn le céim arna leanúint le taithí ghairmiúil ábhartha a mhair bliain amháin ar a laghad i gcás cúrsa léinn a mhaireann trí bliana ar a laghad;

viii. Tá taithí ghairmiúil cúig bliana déag ar a laghad agam i réimse atá ábhartha don phost. Is i bpost bainistíochta (post amhail: ceann aonaid nó a choibhéis agus níos airde) a bhí mé ar feadh cúig bliana ar a laghad de na cúig bliana déag réamhluaite;

ix. Tá eolas cuimsitheach, mar phríomhtheanga, agam ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil, ar a laghad, agam ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh;

x. Tá eolas maith, ar a laghad, agam ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (Leibhéal B2).

Is dlúthchuid den chomhad iarratais iad an dearbhú seo agus an seicliosta agus ní mór iad a bheith ceangailte de mo litir chumhdaigh oifigiúil.

Tá a fhios agam:

— go ndiúltófar do m'iarratas sa chás nach seolaim na doiciméid a iarrtar i gcomhréir leis na socruithe a cheanglaítear faoin bhfógra folúntais;

— go mbeidh aon dearbhú bréige ina chúis le m'iarratas a neamhniú go huathoibríoch.

Dáta: .....

Síniú: .....

IARSCRÍBHINN II

FÓGRA FOLÚNTAIS UIMH. COR/AD14/30 BIS/22

SEICLIOSTA

Airteagal 29(2)

AN tIARRTHÓIR

Táimse, [Sloinne agus céadainm]: .....

ag dearbhú go bhfuil na gnéithe seo a leanas san iarratas (cuir x sna boscaí ábhartha):

		TÁ	NÍL
1.	Cóip de dhioplóma ollscoile atá ina fhianaise ar cheithre bliana staidéir nó níos mó **nó** Cóip de dhioplóma ollscoile atá ina fhianaise ar thrí bliana staidéir nó níos mó **agus** Taithí ghairmiúil iomchuí a mhair bliain amháin ar a laghad	☐	☐
2.	Deimhnithe a chumhdaíonn taithí ghairmiúil 15 bliana, agus cúig bliana ar a laghad di i bpost bainistíochta (post amhail: ceann aonaid nó a choibhéis agus níos airde)	☐	☐
3.	Cóip de dhoiciméad céannachta oifigiúil (ID)	☐	☐
4.	Litir chumhdaigh (uasmhéid cúig leathanach) i mBéarla nó Fraincis	☐	☐
5.	CV san fhormáid Europass, i mBéarla nó Fraincis	☐	☐
6.	Dearbhú de mheon macánta, arna dhátú agus arna shíniú	☐	☐

Dáta: .....

Síniú: .....

IARSCRÍBHINN III

FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN MÉID SEO A LEANAS: ATHBHREITHNIÚ A IARRAIDH – ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH – COMHIONANNAS DEISEANNA – ROCHTAIN AR DHOICIMÉID – COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

ATHBHREITHNIÚ A IARRAIDH:

Féadfaidh tú athbhreithniú a iarraidh sna cásanna seo a leanas:

— nár chloígh an painéal roghnúcháin leis na forálacha a rialaíonn an nós imeachta roghnúcháin;

— nár chloígh an painéal roghnúcháin leis na rialacháin a rialaíonn a chuid oibre.

Tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil discréid leathan ag an bpainéal roghnúcháin agus measúnú á dhéanamh aige ar do fhreagraí a bheith ceart nó mícheart agus maidir lena oiread atá siad ceart nó mícheart. Ar an ábhar sin ní fiú do mharcanna a chonspóid ach sa chás go ndearnadh earráid fhollasach dlí nó fíorais.

Ní mór duit d'iarraidh chuí-réasúnaithe a chur isteach laistigh de chúig lá oibre ón dáta a seoladh an ríomhphost diúltaithe. Seoltar chuig an seoladh céanna é a gcuirtear iarratais chuige. Cuirfidh an roinn Acmhainní Daonna do litir ar aghaidh chuig comhaltaí an phainéil roghnúcháin, a dhéanfaidh í a scrúdú agus a thiocfaidh ar chinneadh ina leith laistigh de chúig lá oibre.

I líne an ábhair de do litir, luaigh le do thoil:

— uimhir an fhógra folúntais,

— "request for review" ("demande de réexamen"),

— an chéim roghnúcháin atá i gceist (incháilitheacht, réamhroghnúchán, etc.)

Tabhair do d'aire le do thoil nach gceadaítear iarraidh ar athbhreithniú a thaisceadh i ndiaidh an agallaimh.

ACHOMHAIRC:

I gcás ina mbeifeá den tuairim, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, gur ghníomhaigh CnaR nó an painéal roghnúcháin go héagórach nó nár urramaigh siad forálacha an fhógra folúntais, agus gur cuireadh tusa faoi mhíbhuntáiste dá bharr, féadfaidh tú gearán riaracháin a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, trí ríomhphost a sheoladh chuig an Ardrúnaí ag an seoladh feidhmiúil céanna: Director-IIT@cor.europa.eu

I líne an ábhair de do litir, luaigh le do thoil:

— uimhir an fhógra folúntais,

— complaint Article 90(2) of the Staff Regulations" ("réclamation article 90, paragraphe 2, du statut"),

— an chéim roghnúcháin atá i gceist (incháilitheacht, réamhroghnúchán, toradh críochnaitheach, etc.).

Tabhair do d'aire le do thoil gó bhfuil discréid leathan ag an bpainéal roghnúcháin.

Ní fiú gearán a chur isteach i gcoinne cinneadh ón bpainéal roghnúcháin, óir oibríonn siad go hiomlán neamhspleách agus ní fhéadfaidh an tÚdarás Ceapacháin a gcinntí a chur ar ceal. Níl an raon leathan discréide sin faoi réir seiceálacha ach amháin i gcás na rialacha a rialaíonn a gcuid oibre a bheith á sárú go follasach. Sa chás sin, féadfar dúshlán cinneadh ón bpainéal roghnúcháin a thabhairt go díreach os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gan gearán a bheith tíolactha faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne ar dtús. Féadfar achomharc faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne a thíolacadh chuig an:

General Court
Boulevard Konrad Adenauer
L-2925 Luxembourg
LUCSAMBURG

Maidir leis na sonraí eolais faoin tslí le hachomharc a chur isteach, ceadaigh suíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta le do thoil (https://curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo2_7033/en/).

I gcás an dá nós imeachta, is ón dáta a dhéantar an cinneadh is ábhar don achomharc a chur in iúl duit a thosaíonn an teorainn ama ag rith.

GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Amhail saoránaigh uile an Aontais Eorpaigh, féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach ag an seoladh seo a leanas:

European Ombudsman
1 avenue du Président Robert Schuman
CS30403
67001 Strasbourg
AN FHRAINC
https://www.ombudsman.europa.eu/en/home

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman Eorpach ar an tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne chun gearáin nó achomhairc a thaisceadh leis an gCúirt Ghinearálta faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa tslí chéanna, tabhair do d'aire le do thoil, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmíocht dhualgais an Ombudsman, nach mór na cuir chuige riaracháin iomchuí chuig na hinstitiúidí agus na comhlachtaí atá i gceist a dhéanamh sula dtaisctear aon ghearán leis an Ombudsman.

COMHIONANNAS DEISEANNA

Féachfaidh CnaR le hidirdhealú d'aon chineál a sheachaint le linn an roghnúcháin. Cuireann sé beartas comhionannais deiseanna i bhfeidhm agus glacann sé le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar ghnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó imthosca an teaghlaigh.

Iarrtar ar iarrthóirí atá faoi mhíchumas aon riachtanais speisialta a d'fhéadfadh a bheith acu a chur in iúl i nóta séalaithe, faoi rún, arna chur mar cheangaltán lena n-iarratas. Láimhseálfar an iarraidh sin faoi rún go huile, agus ní choinneofar taifead di.

IARRATAÍ Ó IARRTHÓIRÍ LE HAGHAIDH ROCHTAIN AR DHOICIMÉID A BHAINEANN LEO FÉIN GO DÍREACH

Tá saincheart rochtana ag iarrthóirí ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo féin go díreach agus ar bhonn aonair.

Maidir le hiarrthóirí a cheadaítear isteach san ionad measúnaithe agus san agallamh ó bhéal, féadfaidh siad, ach í a iarraidh, cóip dá dtuarascáil mheasúnaithe indibhidiúil a fháil. Ní fhéadfar iarrataí ar chóipeanna a thionscnamh go dtí go mbeidh an nós imeachta roghnúcháin curtha i gcrích.

Pléifear le hiarrataí i gcomhréir leis an riachtanas go mbeidh obair an phainéil roghnúcháin faoi rún agus i gcomhlíonadh na rialacha maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta.

COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

Áiritheoidh CnaR, an comhlacht atá freagrach as an roghnúchán seo a eagrú, go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil i ndianchomhlíonadh Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], go háirithe a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil.

Cuireann Oifigeach CnaR um Chosaint Sonraí feidhm chomhairleach neamhspleách ar fáil a mhéid a bhaineann le feidhmiú Rialachán 2018/1725 agus ceanglaítear air clár lárnach a choimeád de na taifid uile de ghníomhaíochtaí próiseála ar shonraí pearsanta a dhéanann an institiúid.

Déanfar sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil chun an roghnúchán a eagrú agus an toradh a bhainistiú (lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le haon iniúchóireachtaí inmheánacha nó seachtracha nó le haon imeachtaí dlí a bhaineann leis an roghnúchán) agus chuige sin amháin; i gcás inarb ábhartha, déanfar sonraí áirithe a chur le comhad pearsanta na n-iarrthóirí rathúla a ndéanann oifigigh díobh.

Is iad seo a leanas faighteoirí na sonraí sin:

— an fhoireann laistigh den Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus airgeadas atá i gceannas ar an nós imeachta earcaíochta;

— comhaltaí an phainéil roghnúcháin;

— i gcás inarb iomchuí, an tSeirbhís Dlí;

[1] Rialachán (AE) 2018/1725an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

— i gcás inarb iomchuí, an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach, an Chúirt Iniúchóirí, na húdaráis araíonachta, OLAF agus an Chúirt Bhreithiúnais.

Tá ceart rochtana, ceart ceartúcháin, ceart ar léirscriosadh agus ceart agóide ag iarrthóirí ach na cearta rochtana agus ceartúcháin a iarraidh (seol ríomhphost chuig: Director-IIT@cor.europa.eu).

Beidh rochtain ag na hiarrthóirí ar a n-iarratais, agus ceart ceartúcháin acu orthu:

— a mhéid a bhaineann leis na doiciméid a léiríonn incháilitheacht, suas go dtí an spriocdháta la haghaidh iarratas;

— a mhéid a bhaineann le sonraí céannachta, níl teorainn ama ann.

Maidir le ceart agóide agus an ceart ar léirscriosadh: laistigh de chúig lá oibre ón iarraidh a fháil.

Déanfaidh an roinn fhreagrach na doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin (lena n-áirítear na doiciméid sin a bhaineann leis na hiarrthóirí ar diúltaíodh dóibh) a choinneáil sa riarachán ar feadh cúig bliana tar éis an t-iarrthóir is feiliúnaí a earcú (is é a thugann bonn cirt leis an tréimhse ama sin, nár mhór a bheith in ann freagairt ar nós imeachta iniúchóireachta féideartha).

Scriosfar aon doiciméid maidir le hiarraidh a bhaineann le míchumas tar éis dheireadh an nóis imeachta, ach amháin sa chás gur tabhaíodh costais mar thoradh ar an iarraidh sin, agus sa chás sin coinneofar ar feadh cúig bliana iad (is é a thugann bonn cirt leis an tréimhse ama sin, nár mhór a bheith in ann freagairt ar nós imeachta iniúchóireachta féideartha).

Scriosfar na doiciméid a luaithe a bheidh an tréimhse choinneála istigh.

Iarrtar ar iarrthóirí a thabhairt ar aird go bhfuil an rogha acu dul i dteagmháil le hOifigeach CnaR um Chosaint Sonraí: data.protection@cor.europa.eu, agus dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí am ar bith: edps@edps.europa.eu.

Faighte ag an iarrthóir: .....

Dáta: ..... Síniú: .....